Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 1 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**11800/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0161(NLE)**

**ECOFIN 812**
**UEM 222**
**FIN 642**
**CADREFIN 120**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Iúil 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 288 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10686/21 INIT; ST 10686/21 ADD 1) an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 288 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 288 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.7.2024
COM(2024) 288 final

2024/0161 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10686/21 INIT; ST 10686/21 ADD 1) an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire**

2024/0161 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) (ST 10686/21 INIT; ST 10686/21 ADD 1) an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Chipir an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta a chur isteach an 17 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. D'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 ón gComhairle[2]. Leasaíodh an Cinneadh Cur Chun Feidhme sin ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3].

(2) An 25 Meitheamh 2024 rinne an Chipir iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún moladh a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe curtha isteach ag an gCipir.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta a chuir an Chipir isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le beart amháin.

(4) Mhínigh an Chipir nach féidir an beart sin a bhaint amach ina iomláine, de bharr easpa éilimh. Baineann sé sin le garsprioc 85 agus garsprioc 86 de bheart C3.1R1, *Cleachtais talmhaíochta a bhogadh ón 20ú haois go dtí an 21ú haois trí infheistíocht a dhéanamh in ionad náisiúnta barr feabhais san agra-theicneolaíocht*, faoi chomhchuid C3.1, *Samhail nua fáis agus éagsúlú an gheilleagair*. Mhínigh an Chipir

1 IO L 57, 18.2.2021, lch. 17.
2 ST 10686/21; ST 10686/21ADD 1.
3 ST 15571/23; ST 15571/23ADD 1; ST 15571/23 ADD 1 COR 1.

gur fhreastail an moladh ar an spéis theoranta ó lucht acadúil maidir le cláir a fhorbairt i réimse na bith-theicneolaíochta. Ar an mbonn sin, d'iarr an Chipir na garspriocanna thuasluaite a leasú agus go leasófaí an tuairisc ar an mbeart freisin. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

(5) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an gCipir, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241 agus gur cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú dá réir.

*Measúnú an Choimisiúin*

(6) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Chipir chun cinn difear don mheasúnú dearfach don phlean téarnaimh agus athléimneachta a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle ST 10686/21 an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d),(da), (db), (e), (f), (g), (h), (i), (j) agus (k).

*Measúnú dearfach*

(8) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe leis an gcinneadh go gcomhlíonann an plean téarnaimh agus athléimneachta go sásúil na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha, na táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe, ba cheart iad a leagan amach.

*Ranníocaíocht airgeadais*

(9) Is é EUR 1 220 971 costais iomlána mheasta phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cipire. Ós rud é go bhfuil méid chostais iomlána mheasta an phlean téarnaimh agus athléimneachta mhodhnaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais nuashonraithe atá ar fáil don Chipir, ba cheart an ranníocaíocht airgeadais iomlán arna ríomh i gcomhréir le hAirteagail 20(4), 21a(6) agus 21b(2) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Cipire a bheith comhionann le EUR 1 020 223 681.

*Iasachtaí*

(10) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Chipir dar luach EUR 200 320 000.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh Cur Chun Feidhme ST 10686/21 ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire a leasú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle sin a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Cipire mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*

*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta modhnaithe na Cipire a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta faoin bplean téarnaimh agus athléimneachta, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha agus na garspriocanna agus na spriocanna agus breise a bhaineann le híoc na tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha agus na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe chun rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.";

(2) Cuirtear an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad téacs na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*
*Seolaí*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Cipire.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*